
# Státseirbhís na hÉireann
# Leagan Inniúlachta an Rúnaí Cúnta




Leasaíodh an leagan inniúlachta do Rúnaí Cúnta sa státseirbhís tar éis athbhreithniú idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (D/PER) agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS).

Ba é cuspóir an athbhreithnithe leagan chun dáta a fhorbairt a bheadh fóirsteanach agus chomh maith le sin, a léireodh an fhreagracht níos mó a bheifí ag súil leis ag leibhéal an Rúnaí Cúnta, an caighdeán feidhmíochta a bheifí ag súil leis a shoiléiriú agus cumas a fheabhsú chun gur féidir déileáil le heaspa scileanna agus/nó feidhmíochta amach anseo.

Scrúdaigh athbhreithniú suntasach dearcadh náisiúnta agus idirnáisiúnta faoi sheirbhís phoiblí na hÉireann agus pléadh leaganacha agus cleachtas inniúlachta do cheannaireacht fhorásach ó earnálacha poiblí agus príobhháideacha ar fud an domhain. Rinneadh a lán plé le páirtithe leasmhara seachtracha agus inmheánacha mar chuid den athbhreithniú, lena n-áirítear Rúnaithe Cúnta iad féin, Ard-Rúnaithe, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an tSeirbhís Phoiblí Shinsearach, An Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil, agus bainisteoirí sinsearacha ón tseirbhís phoiblí i gcoitinne. Cuireadh tuairimí ó chleachtóirí seachtracha a bhfuil sár-thaithí agus sár-thuiscint agus eolas acu ar éifeachtúlacht maidir le ceannaireacht agus an tSeirbhís Phoiblí san áireamh chomh maith.

Tháinig athrú mór ar na dúshláin atá ag bainisteoirí sinsearacha sa státseirbhís le blianta beaga anuas. Tá sé mar aidhm ag na hInniúlachtaí do Rúnaí Cúnta, ná tréithe atá riachtanach don ardbhainistíocht sa státseirbhís agus iad ag déileáil le dúshláin reatha agus nua, a léiriú. Tugann na hinniúlachtaí dúshraith d'fhorbairtí eagraíochta agus i dtaca le tallann a bhainistiú i réimsí ar nós Earcaíocht & Roghnú, Bainistíocht Feidhmíochta, Forbairt agus Oiliúnú do Cheannaireacht agus ceannairí a mbeadh cumas acu a shainaithint / pleanáil do chomharbas.

Léiríonn an leagan inniúlachta nua na nithe atá riachtanach chun feidhmiú go héifeachtach i réimse ina bhfeidhmíonn seirbhísigh phoiblí agus Rúnaithe Cúnta, i dtréimhse ina bhfuil brú maidir le cinntí a dhéanamh agus torthaí a bhaint amach, éileamh níos casta agus níos mó, níos lú acmhainní, scrúdú níos déine ó na meáin agus ón phobal agus clár athchóirithe uaillmhianach agus forásach seirbhíse poiblí. I gcomparáid leis an leagan roimhe seo, léiríonn sé níos soiléire na caighdeáin atá riachtanach chun feidhmíocht a bhaint amach ag leibhéal sinsearach atá dírithe ar ghníomhaíocht.

Tá béim nua nó níos mó ar na nithe seo thíos sa leagan nua:

- Na caighdeáin atá riachtanach d'ardfheidhmíocht ag an leibhéal sinsearach;
- An tábhacht a bhaineann le tréithe na seirbhíse poiblí;
- An riachtanas agus an tábhacht a bhaineann le hidirghníomhaíocht éifeachtach leis an chóras polaitiúil;
- An tábhacht a bhaineann le dúthracht agus forbairt phearsanta mar chabhair le feidhmíocht sa téarma fada;
- An riachtanas do bhainistíocht láidir i dtaca le tionscadail agus airgeadas;
- Fócas straitéiseach a roinnt thar théarma fada agus torthaí a sholáthar go gasta.

# Inniúlachtaí an Rúnaí Cúnta
# Táscairí Feidhmíochta Éifeachtacha

## Léiríonn Tréithe Seirbhíse Poiblí

Feidhmíocht Éifeachtach:

- Freastal ar Rialtas agus ar mhuintir na hÉireann
- Feidhmiú i gcónaí le hionracas
- Meas a léiriú do dhaoine eile
- A bheith freagrach as do ghníomhaíochtaí féin
- Feidhmiú go gairmiúil agus go hionraic

## Smaointeoireacht Straitéiseach

Feidhmíocht Éifeachtach:

- Fís a chruthú don eagraíocht & don earnáil agus na riachtanais chun é a sholáthar a thuar
- Anailís a dhéanamh go gasta ar cheisteanna casta agus na hiarmhairtí a thiocfadh as a thuar
- Cur chuige leathan a thógáil agus ceangail, rioscaí agus cumas maidir le nuálaíocht i gcoitinne a fheiceáil
- Ceannaireacht a thabhairt faoi chleachtas i dtaca le measúnú riosca agus rioscaí cothroma a ghlacadh
- Misneach a bheith agat nuair atá cinntí deacra á ndéanamh

## Comhchaidreamh a Bhainistiú: Daoine a Threorú

Feidhmíocht Éifeachtach:

- A bheith i do cheannaire sofheicthe agus fuinniúil a bhíonn i gcomhar go hiomlán le daoine eile
- Foirne idir-rannacha agus a bhfuil na feidhmeanna céanna acu a thógáil agus tacaíocht a thabhairt dóibh
- Freagracht a dháileadh agus a chinntiú go bhfuil daoine eile freagrach
- Spriocanna dúshlánacha a shocrú agus bainistíocht éifeachtach feidhmíochta a chur i bhfeidhm
- Oiliúnú agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine eile chun na torthaí is fearr a bhaint astu agus iad a fhorbairt

## Comhchaidreamh a Bhainistiú: Dul i gComhar agus Cumarsáid a Dhéanamh le Díograis

Feidhmíocht Éifeachtach:

- A bheith iomlán páirteach agus gníomhach ar an fhoireann shinsearach maidir leis an Roinn a mhúnlú agus a stiúradh
- Cumarsáid a dhéanamh go gairmiúil agus go hinchreidte, bainistíocht a dhéanamh ar ionchais dhaoine eile
- Idirbheartaíocht agus tionchar a imirt le cumas agus díograis
- Íogaireachtaí agus ceisteanna casta polaitiúla a thuar agus freagra a thabhairt go feasach agus go cuiditheach
- Caidreamh éifeachtach oibre a chothú agus a chothabháil le páirtithe leasmhara
- Cabhair a thabhairt maidir le comhoibriú, comhpháirtíocht agus gréasáin, go hinmheánach agus go seachtrach chun spriocanna coitianta a bhaint amach

## Dírithe ar Sholáthar: Ardfheidhmíocht agus Torthaí a Bhaint Amach

Feidhmíocht Éifeachtach:

- A bheith freagrach as do bhearta agus do chinntí féin
- A chinntiú go bhfuil an réimse iomlán d'araíonachtaí bainistíochta i bhfeidhm chun seirbhísí ar ardchaighdeán a bhaint amach go gasta agus laistigh den bhuiséad
- Próisis a scrúdú chun feabhas a chur le cumas, freagrúlacht agus fócas an chustaiméara
- A chinntiú go gcuirtear cinntí i bhfeidhm trí mhodhanna éagsúla, lena n-áirítear trí pháirtithe seachtracha
- Díriú ar obair phráinneach chun na torthaí is fearr a bhaint amach
- A chinntiú go bhfuil aiseolas maith i bhfeidhm idir fhorbairt agus oibríochtaí beartais

## Dírithe ar Sholáthar: Tiomantas agus Díograis

Feidhmíocht Éifeachtach:

- Tionscnaíocht a léiriú agus tiomantas agus fuinneamh a bheith agat
- Ceannaireacht agus bainistíocht éifeachtach i dtaca le tosaíochtaí móra casta
- Do thuairimí a chur i láthair le muinín agus go láidir
- Tuiscint a choinneáil agus straitéisí tacaíochta pearsanta a úsáid le bheith dírithe agus teacht chugat féin in ainneoin díomá
- A bheith dearfach agus gairmiúil in ainneoin deacrachtaí

## Saineolas Speisialtachta agus Forbairt Phearsanta

Feidhmíocht Éifeachtach:

- Tionscnaíocht a léiriú agus tiomantas agus fuinneamh a bheith agat
- Ceannaireacht agus bainistíocht éifeachtach i dtaca le tosaíochtaí móra casta
- Do thuairimí a chur i láthair le muinín agus go láidir
- Tuiscint a choinneáil agus straitéisí tacaíochta pearsanta a úsáid le bheith dírithe agus teacht chugat féin in ainneoin díomá
- A bheith dearfach agus gairmiúil in ainneoin deacrachtaí

## Nótaí:

